An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

## An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Polasaí Cosanta Sonraí trí Dhearadh agus trí Mhainneachtain

Feabhra 2021

**Cuspóir**
Is é cuspóir an pholasaí seo ná cinnte a dhéanamh de go bhfuil cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain neadaithe i mbearta teicniúla agus eagraíochtúla sa Roinn nuair atá próisis agus córais á ndearadh agus á gcur i bhfeidhm. Trí mhainneachtain, ní bhaileofar agus ní phróiseálfar ach na sonraí pearsanta atá riachtanach le haghaidh gach cuspóir faoi leith.

**Sprioc**
Is é sprioc an pholasaí seo a chinntiú, ag an am a bhfuiltear ag déanamh cinnidh maidir leis an modh próiseála agus nuair atá próiseáil ag tarlú, go gcuirfear i bhfeidhm bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí. Tá sé mar phríomhsprioc cinnte a dhéanamh de go dtugtar aird ar na nithe a leanas nuair atá cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain á gcur i bhfeidhm:

- Aithnítear fadhbanna ionchasacha go luath
- Ardú feasachta maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí
- Cearta bunúsacha agus saoirse daoine aonair
- Oiblegáidí RGCS agus an riosca a mhaolú go sárófar iad.

Cinneoidh an Roinn go mbeidh sonraí pearsanta á bpróiseáil, trí mhainneachtain, acu siúd amháin a bhfuil sé riachtanach na sonraí seo a phróiseáil. Glacfaidh an Roinn le polasaithe inmheánacha agus le bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun freastal ar phrionsabail chosanta sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain, agus cuirfear san áireamh na nithe a leanas mar is cuí agus tabharfar aird ar na sonraí atá i gceist:

- Sonraí pearsanta a mhapáil amach, de réir rangúcháin, stórála agus inrochtaineachta i dtaifid na ngníomhaíochtaí próiseála
- Bréagainmniú agus criptiúchán a chur i bhfeidhm nuair is féidir
- Laghdú ar Shonraí
- Bainistíocht Riosca
- Príobháideachas sonraí a imeascadh i bpolasaithe TF
- Trédhearcacht agus rochtain a sholáthar do dhaoine aonair
- Cosc ar rochtain mura bhfuil sé ceadaithe go sonrach
- Rianta iniúchta a sholáthar maidir le rialúcháin rochtana
- An cumas infhaighteacht agus rochtain ar shonraí a thabhairt as ais i gcás eachtra
- Tástáil rialta ar éifeachtacht na mbeart slándála

**Scóip**
Cosaint sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach bpróiseáiltear ach na sonraí pearsanta atá riachtanach do gach cuspóir ar leith.

Tá an coincheap “riachtanas” bunaithe ar an méid sonraí a bhailítear, an méid próiseála a dhéantar orthu, agus ar choinneáil sonraí agus inrochtaineacht ar shonraí mar atá doiciméadaithe sa Taifead Gníomhaíochtaí Próiseála.

**Riachtanais chosanta sonraí trí dhearadh agus trí mhainneachtain a chomhlíonadh**
Nuair a chuirfear tús le mórthionscadal, nó nuair a thugtar isteach teicneolaíocht nó táirgí nua, nó má tá athruithe suntasacha á ndéanamh do phróisis atá ann cheana féin, déanfaidh an Roinn measúnú tosaigh chun a dheimhniú an bhfuil sé i gceist sonraí pearsanta daoine aonair a phróiseáil.

Beidh gá ansin le measúnú eile chun a dheimhniú an próiseáil ardriosca atá i gceist leis an bpróiseáil, i.e. má chomhlíonann an phróiséail níos mó ná dhá cheann de na critéir a leanas:

- Measúnacht nó scóráil
- Cinnteoireacht uathoibríoch le héifeacht dlíthiúil nó éifeacht den sórt sin
- Monatóireacht córasach
- Sonraí íogair
- Sonraí a phróiseáiltear ar scála mór
- Tacair shonraí atá meaitseáilte nó curtha le chéile
- Sonraí a bhaineann le hábhair shonraí leochaileacha
- Úsáid nuálaíoch nó réitigh teicneolaíochta nó eagraíochtúla a chur i bhfeidhm
- Sonraí a aistriú thar teorainneacha lasmuigh den Aontas Eorpach
- Nuair a chuireann an phróiseáil í féin "cosc ar ábhar sonraí ceart a fheidhmiú nó seirbhís nó conradh a úsáid"

I ndiaidh na measúnuithe seo a bheith déanta, d'fhéadfadh an Roinn Measúnacht Tionchair Cosanta Sonraí (DPIA) a dhéanamh, agus sa chás nach n-aithníonn an DPIA cosaintí maolaithe i gcoinne rioscaí arda iarmharacha, rachaidh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.